**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

**Ardleibhéal**

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

- Ní mhaítear ar chor ar bith go bhfuil na **nótaí tacaíochta** faoi iamh uileghabhálach.
- Déanfar eolas ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

*INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Topaic | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 6** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Iarmhairt ar Éileamh / Ionadú agus Ioncam.** | **7 - 9** |
| **2** | **Monaplacht / Fógraíocht** | **10 - 13** |
| **3** | **Saothar / Bearna phá idir na hinscní / Karl Marx** | **14 - 17** |
| **4** | **Easnamh ar an mBuiséad Reatha / Cánachas / Caiteachas caipitil ag laghdú** | **18 - 20** |
| **5** | **Téarmaí / Ioncam Náisiúnta / Plean spreagthach Keynesach** | **21 - 23** |
| **6** | **Baincéireacht / Rátaí Úis / Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI)** | **24 - 29** |
| **7** | **Comhardú na nÍocaíochtaí / An Euro ag Ardú / Dúshláin roimh ghnólachtaí Éireannacha** | **30 - 32** |
| **8** | **Dífhostaíocht / Fiachas Náisiúnta / Daonra ag dul in aois** | **33 - 36** |

## ROINN A (100 marc)

**1.** Is é 'an ganntanas' an fhadhb bhunúsach eacnamaíochta. Mínigh an coincheap seo. **(16 mharc)**

Is é a chiallaíonn ganntanais go bhfuil an t-éileamh ar acmhainní / tosca táirgthe neamhtheoranta cé go bhfuil a soláthar teoranta (teastálacha gan teorainn/acmhainní teoranta). Dá bhrí sin, caithfidh an tsochaí an úsáid a bhaintear as na hacmhainní a roghnú. Baineann deischostas le rogha a dhéanamh.

**Aon 2 phointe ar 8 marc an ceann**

**2.** Sainmhínigh 'Éifeachtúlacht Imeallach an Chaipitil' (EIC). Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith le titim san EIC. **(16 mharc)**

Sainmhíniú:
An brabús breise a thuilltear mar thoradh ar aonad chaipitil breise amháin a úsáid.

**8 marc**

Dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith le titim san EIC:
1. Méadú ar rátaí úis.
2. Méadú ar chostas na n-earraí caipitiúla.
3. Laghdú ar phraghas na n-earraí críochnaithe.
4. Laghdú ar tháirgiúlacht caipitil / meath sna hearraí caipitiúla a úsáidtear.

**Aon 2 phointe ar 4 mharc an ceann (2 + 2)**

**3.** **Léigh gach ráiteas thíos agus cuir in iúl cé acu is dóichí praghasleaisteachas an éilimh (PED) ar an táirge a bheith leaisteach nó neamhleaisteach. (Cuir tic ✓ sa bhosca ceart.)**

| RÁITEAS | LEAISTEACH | NEAMHLEAISTEACH |
|---|---|---|
| Tá luí láidir ag tomhaltóirí leis an táirge agus tá siad dílis dó. | | ✓ |
| Tá a lán gar-ionadaithe ar fáil don táirge. | ✓ | |
| Is sótháirge é an táirge. | ✓ | |
| Ní chaitear ach codán beag de chaiteachas seachtainiúil an tomhaltóra ar an táirge. | | ✓ |

**(16 mharc)**

**4 cinn ar 4 mharc an ceann**

**4.** (a) D'fhéadfadh an claonpháirteachas a bheith ina gné de mhargadh olagaplach. Mínigh céard is brí le 'claonpháirteachas'.
(b) Is féidir go mbainfeadh cogaí praghsanna an bonn de chleachtaí claonpháirteacha. Tabhair breac-chuntas ar dhá shochar a bhaineann an tomhaltóir as cogaí praghsanna. **(16 mharc)**

Claonpháirteachas:

Díoltóirí iomaíocha sa tionscal ag teacht le chéile ar mhaithe lena gcomhshochar.

**8 marc**

**Dhá** shochar a bhaineann an tomhaltóir as cogaí praghsanna:

1. **Praghsanna níos ísle / luach ar airgead**
   - Bainfidh tomhaltóirí leas as tráchtearraí a bheith ar fáil ar phraghsanna níos ísle.
   - Beidh tomhaltóirí ábalta luach níos fearr a fháil ar a n-ioncam teoranta.

**2. Ioncam indiúscartha níos airde**
Beidh ioncam indiúscartha níos airde ag tomhaltóirí anois de bharr praghsanna níos ísle agus beidh caighdeán níos fearr maireachtála acu freisin.

**3. Níos mó roghanna**
Ós rud é go bhfuil ioncam indiúscartha níos mó ag tomhaltóirí anois, is féidir leo cinneadh a dhéanamh faoin mbealach leis an ioncam breise seo a chaitheamh.

**Aon 2 phointe ar 4 mharc an ceann**

**5.** Tabhair breac-chuntas ar thrí mheicníocht chun an tsaorthrádáil a shrianadh. **(16 mharc)**

| | |
|---|---|
| Taraif | Cáin ar allmhairí. |
| Cuóta | Teorainn le cainníocht na n-earraí a allmhairítear. |
| Trádbhac | Cosc iomlán ar allmhairí. |
| Fóirdheontas | Íocaíocht le lucht onnmhairithe chun costais táirgthe a laghdú. |
| Bacainní riaracháin | Rialacha / rialacháin a bhaineann le hallmhairí. |
| Rialuithe malartaithe | Teorainn a chur leis an méid airgeadra eachtrannach atá ar fáil d'iompórtálaithe chun a n-earraí iompórtáilte a cheannach. |

**6 mharc + 5 mharc + 5 mharc**

**6.** Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta 'Paradacsa na Barainne'. (17 **mharc**)

D'fhéadfadh laghdú ar choigilteas náisiúnta / choigilteas **iomlán** a bheith mar thoradh ar ardú ar choigilteas i measc **daoine aonair** de bharr laghdú tomhaltais, éilimh laghdaithe, titim in ioncaim, cailleadh post agus laghdófar coigilteas iomlán chomh maith. Is ionann ardú ar choigilteas agus cúrsaíocht chiorclach an ioncaim a bheith ag dul i laghad.

**7 marc + 6 mharc + 4 mharc**

**7.** Tabhair breac-chuntas ar cheithre shlí inar chuir Adam Smith le smaointeoireacht na heacnamaíochta. (17 **mharc**)

(a) **Ar thóir an fhéinleasa**
Is é seo an rud is fearr a dhéanann tairbhe an duine aonair agus, dá bhrí sin, tairbhe na sochaí.

(b) **Roinnt an tSaothair**
Táirgiúlacht agus saibhreas na tíre méadaithe.

(c) **Teoiric Saothair an Luacha**
B'ionann luach táirge agus an méid saothair a úsáideadh chun an táirge a dhéanamh.

(d) **Cearta réadmhaoine á gcosaint ag stát**
Spreagann sé carnadh saibhris phearsanta.

(e) **'Lámh dhofheicthe na hiomaíochta'**
Ceadaíonn sé feidhmiú margadh féinrialála a chinntíonn go ndéanfar dul chun cinn geilleagrach.

(f) **Iomaíocht Fhoirfe**
Cead isteach saor in aisce go margaí; dóthain brabúis chun luach saothair a thabhairt d'fhiontraithe; pionós a chur ar neamhéifeachtúlacht agus praghas bunaithe ar an gcostas táirgthe.
Ní leanfadh monaplachtaí.

(g) **Laissez-faire / Idirghabháil theoranta ag an rialtas**
Seachas cosaint/ceartas.

(h) **Prionsabail an Chánachais**
Bhí an cánachas riachtanach chun córais chosanta / cheartais an stáit a mhaoiniú agus cheap sé ceithre phrionsabal i gcóras cánach cóir: cothromas, barainneacht, cinnteacht agus áisiúlacht.

(i) **Paradacsa an Luacha**
Rinne sé idirdhealú idir 'luach in úsáid' agus 'luach i malartú'. Bhí áirgiúlacht an-mhór ag baint le rudaí áirithe (aer, uisce) ach ní mhalartaítear iad; is beag an áirgiúlacht a bhaineann le rudaí eile (diamaint) ach d'fhéadfadh luach mór a bheith leo i malartú.

(j) **Tacú le Saorthrádáil**
Thacaigh sé le saorthrádáil idirnáisiúnta gan bac ó tharaifí chun go bhféadfadh margaí feidhmiú go héifeachtach agus an méid a ghnóthaítear ón trádáil a scaipeadh idir náisiúin.

**5 + 4 + 4 + 4**

**8.** Sainmhínigh an téarma 'Meánchlaonadh chun Tomhaltais' (MCT) agus ríomh an MCT do 2012 as an eolas atá thíos. (Taispeáin do chuid oibrithe.) **(17 mharc)**

OIBRITHE

€34,000* – €5,200* = €28,800*

$\frac{€28,800}{\textbf{€34,000}}$ = **0.847** nó **84.7%**

| Bliain | Ioncam Indiúscartha | Coigilteas |
|---|---|---|
| 2012 | €34,000 | €5,200 |

**Sainmhíniú:** **9 marc**
Comhréir / codán an ioncaim iomláin a chaitear ar earraí agus ar sheirbhísí.

Ríomh MCT: **8 marc**

**Gach mír le * ar 2 mharc = 6 mharc. 2 mhír i gcló trom ar 1 mharc an ceann.**

**9.** I dtuarascáil a rinneadh le déanaí do rialtas na hÉireann leagadh béim ar mhí-úsáid alcóil in Éirinn, údar imní atá ag dul i méid.

(a) Tabhair breac-chuntas ar chostas príobháideach **amháin** agus ar chostas sóisialta **amháin** a bhfuil baint acu le ró-thomhaltas alcóil.

(b) Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an rialtas íosphraghas a ghearradh ar tháirgí alcóil. **(17 mharc)**

| **Costais** | |
|---|---|
| **Costas príobháideach amháin:** | **Costas sóisialta amháin:** |
| 1. Ioncam indiúscartha laghdaithe.<br>2. Féidearthacht go mbeadh tinneas fadtéarmach ar dhuine / meath sláinte.<br>3. Neamhláithreacht fhéideartha ón obair / níos lú deiseanna d'ardú céime.<br>4. Costais an árachais phríobháidigh ardaithe.<br>5. Laghdú ar tháirgiúlacht ag an obair. | 1. Costais chúraim sláinte ardaithe.<br>2. Ardú féideartha ar choireanna / loitiméireacht / riosca timpistí bóthair.<br>3. Breis neamhláithreachta ón obair / cur isteach ar sholáthar seirbhíse.<br>4. Deischostas an airgid a chaitear ar chúram sláinte. |

| **Íosphraghas a ghearradh ar tháirgí alcóil** | |
|---|---|
| **Buntáiste** | **Míbhuntáiste** |
| 1. Laghdú ar thomhaltas alcóil.<br>2. Laghdú féideartha ar ragús óil i measc tomhaltóirí óga.<br>3. Laghdú ar an líon daoine ag freastal ar an Aonad Timpistí agus Éigeandála, costais chúraim sláinte níos ísle dá bhrí sin<br>4. Úsáid níos fearr acmhainní atá gann in ospidéil.<br>5. Laghdú ar choireanna / loitiméireacht / timpistí bóthair.<br>6. D'fhéadfaí an bhearna a dhúnadh idir tithe tábhairne agus ollmhargaí – ardú i ngnó an tí tábhairne. | 1. Ardú ar phraghsanna do thomhaltóirí / laghdú ar ioncam indiúscartha.<br>2. Iomaíocht laghdaithe sa mhargadh / rogha shrianta do thomhaltóirí.<br>3. Ardú féideartha ar shiopadóireacht trasteorann le haghaidh alcóil.<br>4. Tithe tábhairne á ndúnadh agus d'fhéadfadh sé go gcaillfí poist.<br>5. Ardú ar smuigleáil/cheannach táirgí alcóil sa gheilleagar dubh. |

**An chéad fhreagra ceart: 5 mharc. Na chéad 3 fhreagra chearta eile: 4 mharc an ceann.**

## C1 Iarmhairt ar Éileamh / Ionadú agus Ioncam

**(a)** (i) Déan idirdhealú idir na téarmaí 'éileamh éifeachtach' (éileamh glan) agus 'éileamh díorthaithe'.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** eisceacht ó Dhlí an Éilimh a d'fhéadfadh a bheith ann. (25)

(i) Déan idirdhealú idir na téarmaí 'éileamh éifeachtach' (éileamh glan) agus 'éileamh díorthaithe'.

| Éileamh éifeachtach | Éileamh díorthaithe |
|---|---|
| Is éard is éileamh éifeachtach ann ná éileamh a bhfuil an chumhacht cheannaigh riachtanach mar thaca leis. | Éileamh ar thoisc nó ar tháirgeadh, ní mar mhaithe lena úsáid féin ach mar gheall ar an méid a chuireann sé le próiseas an táirgthe. |

**An Chéad fhreagra ceart: 7 marc: (4 + 3)**
**An dara freagra ceart: 4 mharc: (2 + 2)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** eisceacht ó Dhlí an Éilimh a d'fhéadfadh a bheith ann.

**1. Earraí Giffen**

- De réir mar a thiteann an praghas, ardaíonn fíorioncaim agus ceannaíonn tomhaltóirí níos lú de na hearraí seo agus ceannaíonn siad níos mó earraí d'ardchaighdeán.
- De réir mar a ardaíonn an praghas, bíonn níos lú ioncaim ag tomhaltóirí le caitheamh ar chineálacha eile earraí agus bíonn claonadh iontu níos mó dá n-ioncam a chaitheamh ar na hearraí seo.

**2. Comharthaí Stádais / Nithe baothghalánta / Earraí Gáifeacha / Earraí a chomharthaíonn Tomhaltas Feiceálach**

- Bíonn na hearraí seo níos eisiaiche de bharr ardú ar phraghas, agus dá bhrí sin, níos mealltaí dóibh siúd a bhfuil an t-ioncam acu lena gceannach.
- D'fhéadfadh an méid a éilítear titim de bharr titim i bpraghas mar go gceaptar nach bhfuil siad eisiach níos mó do dhaoine saibhre agus go bhfuil siad fós ródhaor do dhaoine bochta.

**3. Earraí a bhfuil tionchar ag ionchais maidir le praghsanna amach anseo ar a gceannach / Earraí amhantracha**

- Má cheapann tomhaltóirí ionchais gur dóchúil go mbeidh praghsanna níos airde sa todhchaí, seans nach dtitfidh leibhéal reatha an éilimh, fiú má ardaíonn praghsanna.
- Má tá duine ag smaoineamh ar theach a cheannach, seans maith go spreagfar an t-éileamh ag praghsanna reatha mar gheall ar an dóchúlacht go mbeidh praghsanna níos airde sa todhchaí.

**4. Earraí Andúile**


- Cuireann tomhaltóirí a oiread sin andúile sa druga go n-ardaíonn éileamh ar an earra, fiú má ardaíonn praghas an earra, chun 'bús' a fháil ó chaitheamh an druga.

## 2 cheann ar 7 marc (4+3) an ceann

**(b)** Tá an margadh do bhranda de **brístí géine gorma**, i gcothromaíocht. Mínigh, le cabhair léaráide ar leith i ngach cás, na slite is dóichí a rachadh **gach ceann** de na nithe seo a leanas i bhfeidhm ar staid na cothromaíochta.:


(30)

(i) Tá laghdú ar fhíorioncam tomhaltóirí de dheasca chúlú na heacnamaíochta.





- Léaráid: S/C; $D_1$; $D_2$; P níos ísle, Q níos ísle: gach ceann × 1 mharc an ceann = **5 mharc**
- Aistríonn D/C <u>ar chlé</u> ($D_2$) **léirithe ar an léaráid × 1m**
- Mar gur thit ioncam na dtomhaltóirí / níl siad in acmhainn an táirge a cheannach × **2m**
- $P_2$ nua **níos ísle** × **1m**
- $Q_2$ nua **níos ísle** × **1m**

(ii) Titim i bpraghas an chadáis, ionchur lárnach i dtáirgeadh na mbrístí géine gorma.




- Léaráid: D/C; $S_1$; $S_2$; P níos ísle, Q níos mó: gach ceann × 1 mharc an ceann = **5 mharc**
- Aistríonn S/C <u>ar dheis</u> ($S_2$) **léirithe ar an léaráid** × **1m**
- Mar gheall air gur thit costais táirgthe × **2m**
- $P_2$ nua **níos ísle** × **1m**
- $Q_2$ nua **níos airde** × **1m**

(iii) Thug réalta spóirt a bhfuil an-mheas ag an bpobal air tacaíocht do na brístí géine gorma le déanaí.




- Léaráid: S/C; $D_1$; $D_2$; P níos airde, Q níos airde: gach ceann × 1 mharc an ceann = **5 mharc**
- Aistríonn D/C <u>ar dheis</u> ($D_2$) **léirithe ar an léaráid** × **1m**
- Mar gheall air gur ardaigh spéis / rogha tomhaltóirí do na brístí géine seo: × **2m**
- $P_2$ nua **níos airde** × **1m**
- $Q_2$ nua **níos airde** × **1m**

**(c)** Leanann iarmhairt ar ionadú agus éifeacht ioncaim as titim ar phraghas táirge tomhaltais.

(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Má thiteann praghas táirge **lagmheasa** (agus mura dtarlaíonn aon athrú eile) an gceannófar níos mó nó níos lú den táirge sin? Mínigh do fhreagra agus tagairt á déanamh agat don iarmhairt ar ionadú agus don éifeacht ioncaim. (20)

(i)

| **Iarmhairt ar ionadú** | **Éifeacht ioncaim** |
|---|---|
| Nuair a ardaíonn praghas earra d'fhéadfadh sé go gceannódh tomhaltóirí earraí ionaid atá níos saoire chun an áirgiúlacht is mó a bhaint amach. | Nuair a thiteann praghas earra, ardóidh fíorioncam an tomhaltóra. |

**2 mhíniúchán ar 5 mharc an ceann**

(ii)

| **Titeann praghas earra lagmheasa** | **Iarmhairt ar ionadú** | **Éifeacht ioncaim** |
|---|---|---|
| Iarmhairt ar éileamh | Ardóidh éileamh | Titfidh éileamh |
| Míniúchán | Tá an tomhaltóir ag fáil áirgiúlacht imeallach níos mó don táirge seo toisc go bhfuil sé níos saoire anois. | Mar gheall air gur earra lagmheasa atá san earra, titfidh an t-éileamh mar go gceannóidh an tomhaltóir níos lú mar gur ardaigh a ioncam. |

**2 mhíniúchán ar 3 mharc an ceann**

Má tá an iarmhairt dhearfach ar ionadú níos mó ná éifeacht dhiúltach an ioncaim, ardóidh an t-éileamh ar an táirge.

nó

Má tá éifeacht dhiúltach an ioncaim níos mó ná an iarmhairt dhearfach ar ionadú, laghdóidh an t-éileamh ar an táirge.

**4 mharc**

| **C2 Monaplacht** |
|---|

**(a)** Tá comhlachtaí teicneolaíochta mar Apple agus Samsung gafa le haighnis dlí faoi láthair maidir le paitinní ar ghnéithe éagsúla dá bhfóin chliste. Nuair a bhíonn an bua ag comhlacht in aighneas faoi phaitinní is féidir gurb é an comhlacht sin an t-aon táirgeoir amháin a bheidh ag úsáid na teicneolaíochta atá faoi phaitinn.

(i) Mínigh **trí** bhacainn ar iontráil, seachas paitinní, is féidir a bheith i gcúrsaí gnó.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh sé tarlú nach ar mhaithe le leas an phobail a bheadh monaplachtaí. (25)

(i) Mínigh **trí** bhacainn ar iontráil, seachas paitinní, is féidir a bheith i gcúrsaí gnó.

| |
|---|
| **Rialú an Rialtais / Srianta Dleathacha** |
| D'fhéadfadh an rialtas an ceart aonair a bhronnadh ar chuideachta chun earra nó seirbhís a sholáthar ionas go mbeidh srianadh dleathach ar iomaíocht, e.g. bealaí bhus Bhaile Átha Cliath / seirbhísí iarnróid. |
| **Comhaontuithe agus Claonpháirteachas Trádála** |
| D'fhéadfadh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile (dul i gclaonpháirt leo) ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in ann an tráchtearra a sholáthar do chuid áirithe den mhargadh. |
| **Úinéireacht amhábhar** |
| D'fhéadfadh cuideachta an ceart aonair a bheith acu ar na hamhábhair agus tríd sin, a bheith ina monaplacht sa mhargadh áirithe sin, e.g. cuideachta sirtheoireachta ola. |
| **Teastaíonn infheistíocht chaipitil mhór ón tionscal / Ardchostais tionscnaimh** |
| I gcás roinnt tionscal bíonn an caipiteal a theastaíonn le gnólacht a bhunú sa tionscal sin chomh mór sin nach féidir ach leis an gcuideachta ar féidir leo an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh. Díspreagtar iomaitheoirí ó dhul isteach sa mhargadh mar gheall ar na hardchostais tionscnaimh tosaigh. |
| **Cumaisc / Táthcheangail** |
| Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin. |
| **Monaplachtaí bunaithe ar scéin, ar fhoréigean nó ar bhagairtí** |
| D'fhéadfadh grúpa aonair nó grúpa daoine, daoine eile a stopadh ó bheith ag dul san iomaíocht leis an soláthraí de bharr scéine, foréigin nó bagairtí, e.g. soláthar drugaí neamhdhleathacha. |
| **Praghsáil Teorann** |
| Is féidir le gnólacht praghsáil teorann a úsáid (díol ar phraghsanna fíor-ísle) chun iallach a chur ar iontrálaithe nua an tionscal a fhágáil ionas go mbíonn cumhacht mhonaplachta ag an ngnólacht sin i gcónaí. |
| **An Iomad brandaí ar an margadh** |
| Trí leas a bhaint as brandáil fhairsing a gcuid táirgí, d'fhéadfadh gnólacht a bheith in ann an oiread sin de cheannas a ghabháil ar an margadh go bhféadfadh na hiomaitheoirí ceapadh nach mbeidís in ann dul san iomaíocht in aon chor. |

**3 cinn ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh sé tarlú nach ar mhaithe le leas an phobail a bheadh monaplachtaí.

**Praghsanna níos airde**
Féadfaidh monaplachtaí praghsanna níos airde a ghearradh, i gcomparáid le hiomaíocht fhoirfe, mar nach bhfuil aon iomaíocht ann.

**Táirgtear aschur níos ísle**
Féadfaidh monaplachtaí, a bhfuil a gcostais cosúil le gnóthas in iomaíocht fhoirfe, aschur níos ísle a tháirgeadh i gcomparáid le gnóthas in Iomaíocht Fhoirfe.

**Neamhéifeachtúlacht/cur amú acmhainní**
Monaplachtaí nach dtáirgeann ag an bpointe is ísle den chuar AC, cuireann siad acmhainní ganna amú.

**Ollbhrabús Normálta**
Má ghearrann monaplaí praghas os cionn an AC, tuilfidh an gnóthas seo Brabús Osnormálta chun éadairbhe an tomhaltóra.

**Droch-chaighdeán Seirbhíse**
Mar gheall air nach bhfuil iomaíocht ann d'fhéadfadh sé go mbeadh droch-chaighdeán seirbhíse ar fáil ón ngnólacht


**Easpa Nuálaíochta**
Nuair atá easpa iomaíochta ann ní bhíonn ar Mhonaplaí a bheith nuálaíoch ná táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt.

**D'fhéadfaidís gabháil le hidirdhealú praghsanna**
Tugann roinnt monaplachtaí faoi idirdhealú praghsanna agus ciallaíonn sé seo go ngearrtar praghsanna éagsúla ar an earra céanna nó ar an tseirbhís chéanna.

**Monaplachtaí Stáit a mbíonn caillteanas acu**
Má tá an mhonaplacht faoi riar an stáit agus má bhíonn caillteanas aici, e.g. CIÉ, bíonn ar na cáiníocóirí uile na costais seo a sheasamh i bhfoirm cánacha níos airde.

**2 cheann ar 5 mharc (2+3) an ceann**

**(b)** Mínigh, le cabhair léaráide, staid chothromaíochta fhadtréimhseach ag gnólacht monaplachta. (25)




**Léaráid: 10 bpointe ar 1 mharc an ceann.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ais an phraghais** | **Ais na cainníochta** | **AR** | **MR** | **MC** | **AC** | **Pointe cothromaíochta - E** | **$P_1$** | **$C_1$** | **$Q_1$** |

**Míniúchán: 15 mharc**

1. Cothromaíocht / Pointe an uasbhrabúis
   - Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe E. )
   - Áit a bhfuil MC = MR. ) **Dhá phointe ar bith ar 2 mharc an ceann.**
   - Agus MC ag ardú. )

2. Praghas / Aschur
   - Táirgeann an gnólacht $Q_1$ **2 mharc**
   - agus díolann sé é ag $P_1$ **2 mharc**

3. Costas / Brabús normálta
   - Léirítear costas an aschuir / bhrabúis normálta seo a tháirgeadh ag pointe $C_1$ **2 mharc**

4. Brabús Osnormálta
   - Tá an gnólacht seo ag tuilleadh Brabús Osnormálta **2 mharc**
   - Mar go bhfuil AR > AC ***nó*** is féidir leo leanúint ar aghaidh mar gheall ar chosc ar theacht isteach sa mhargadh. **1 mharc**

5. Acmhainní Ganna a Chur Amú / Neamhéifeachtúlacht **1 mharc**
   - Níl an gnólacht ag táirgeadh ag an bpointe is ísle AC **1 mharc**

**(c)** Is féidir cur síos ar an margadh domhanda do tháirgí taos fiacla mar mhargadh atá in iomaíocht neamhfhoirfe, áit a mbíonn fógraíocht iomaíoch agus brandáil á ndéanamh ag gnólachtaí. (25)

(i) Mínigh an téarma 'fógraíocht iomaíoch'.

(ii) Tabhair breac-chuntas, agus tú ag baint úsáide as sampla, ar an dóigh inar féidir fógraíocht a úsáid chun gnólachtaí beaga a chosc ar iontráil i dtionscal.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste don tomhaltóir a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhfógraíocht.

(i) Fógraíocht iomaíoch

Is éard atá i gceist leis seo ná fógraíocht a leagann béim ar bhuntáistí táirgí/seirbhísí gnólachta amháin thar a iomaitheoirí.

**7 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas, agus tú ag baint úsáide as sampla, ar an dóigh inar féidir fógraíocht a úsáid chun gnólachtaí beaga a chosc ar iontráil i dtionscal.

Míniú ceart ar bith: **Costais thoirmeascacha na fógraíochta**: **3 mharc**

Má bhíonn ar ghnólacht beag fógraíocht a dhéanamh chun dul in iomaíocht le hiomaitheoirí tiocfaidh méadú díréireach ar a chostais i gcomparáid le gnólacht níos mó, dá bhrí sin d'fhéadfaí fógraíocht a úsáid chun gnólachtaí beaga a chosc ar iontráil i dtionscal.

***nó***

D'fhéadfadh gnólachtaí atá ann cheana leanúint ar aghaidh ag caitheamh airgid ar fhógraíocht lena ndíolacháin/sciar den mhargadh a ardú agus chun cur ina luí ar thomhaltóirí gurb é an táirge atá acusan an ceann is fearr, ionas go bhfanfadh tomhaltóirí lena dtáirgí, agus bheadh sé deacair anseo ar na gnólachtaí beaga iontráil i dtionscal.

Sampla ceart ar bith: **3 mharc**

Caitheann dhá gnólacht €6,000 ar fheachtas fógraíochta.
Táirgeann an gnólacht beag aschur 300 aonad agus €20 an meánchostas atá ar aonad.
Táirgeann an gnólacht níos mó 8,000 aonad aschuir agus €0.75 an meánchostas atá ar aonad.

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste don tomhaltóir a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhfógraíocht.

**1. Praghsanna méadaithe**
D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar an ngnólacht praghsanna a mhéadú chun íoc as na costais mhéadaithe.

**2. Faisnéis Bhréagach / Mhíthreorach**
D'fhéadfaí faisnéis mhíchruinn / neamhiomlán a thabhairt do thomhaltóirí agus bheadh mearbhall mífhaisnéis ann mar thoradh air seo.

**3. Tobcheannach / teastálacha neamh-inbhuanaithe a chruthú**
D'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith ag tobcheannach mar gheall ar an bhfógraíocht agus chuid dá n-ioncaim a 'chur amú'. D'fhéadfadh an fhógraíocht mianta a chruthú i dtomhaltóirí do stíl mhaireachtála nach féidir leo a bhaint amach.

**4. Tráchtearraí díobhálacha**
D'fhéadfadh fógraíocht daoine a spreagadh chun tráchtearraí díobhálacha a thomhailt, e.g. toitíní, alcól, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an tomhaltóra.

**5. Truailliú nach bhfuil gá leis**
D'fhéadfadh sé go mbeadh ar thomhaltóirí íoc as fáil réidh le bruscar atá ann mar thoradh ar an bhfógraíocht i bhfoirm bileoga eolais a chaitear amach etc.

**2 cheann ar 6 mharc (3+3) an ceann**

## C3 Saothar / Bearna phá idir na hinscní / Karl Marx

**(a)** Luaigh agus mínigh **ceithre** thionchar eacnamaíocha a bhíonn ar éileamh gnólachta aonair ar shaothar. (25)

1. **Táirgiúlacht imeallach ioncaim an tsaothair**
   Cé chomh táirgiúil is atá an t-oibrí? An nginfidh an t-oibrí níos mó ioncaim ná a ráta pá?

2. **Ráta pá (íosta)**
   Má ardaíonn an ráta pá ardaíonn an costas don fhostóir agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar a éileamh ar shaothar dá bharr.

3. **Éileamh ar aschur**
   D'fhéadadh méadú ar éileamh ar shaothar a bheith mar thoradh ar mhéadú ar éileamh ar aschur an ghnólachta.

4. **Praghas tosca táirgeachta eile (caipiteal san áireamh)**
   Sula ndéanfadh an gnólacht aon duine eile a fhostú dhéanfadh siad comparáid idir an costas a bhainfeadh le saothar breise agus tosca táirgeachta eile a bheadh ar fáil chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceann is iomaíche.

5. **Fóirdheontais an Stáit**
   Dá mbeadh an stát ag íoc as fóirdheontais d'fhonn saothar breise a earcú d'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis mhealltach chun saothar breise a fhostú.

6. **Rátaí Cánachais ar bhrabús an ghnólachta**
   Dá laghdódh brabúsacht an ghnólachta mar gheall ar cháin níos airde ar bhrabús cuideachtaí, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar chinneadh gnólachta maidir le daoine breise a fhostú.

7. **Cánacha ar phárolla / Ráta ÁSPC an fhostóra**
   Má thagann méadú ar ráta cánachais phearsanta d'fhéadfadh an lucht saothair ráta pá níos airde a lorg agus ní bheadh sé chomh hiomaíoch dá bharr. Ar an dóigh chéanna, má ardaíonn ráta ÁSPC / MSU ar shaothar is costas breise é seo don ghnólacht agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar a n-éileamh ar shaothar mar gheall air seo.

8. **Fáil ar theicneolaíocht**
   Beidh tionchar ar éileamh gnólachta ar shaothar ag an teicneolaíocht nua atá ar fáil, go háirithe má chuidíonn an teicneolaíocht le costais a laghdú.


9. **Rannpháirtíocht ceardchumainn**
   Más ball de cheardchumann oibrí d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfostódh an gnólacht an t-oibrí seo. Baineann an méid seo le gnólachtaí áirithe in Éirinn arbh fhearr leo obair gan rannpháirtíocht ceardchumann.

**Na chéad 3 phointe ar 7 marc (4+3) an ceann**
**4ú pointe ar 4 mharc (2+2)**

**(b)** Mínigh, le cabhair léaráide de mhargadh saothair i ngach cás, conas a chinntear ar rátaí cothromaíochta pá:

- I saormhargadh saothair;
- I margadh saothair ina bhfuil íosphá idirbheartaithe ag ceardchumann. (25)


**Saormhargadh saothair:**




- Is éard atá i gceist le saormhargadh ná margadh nach bhfuil aon srianta ar éileamh agus ar sholáthar saothair ann.
- Socraítear an ráta pá nuair a bhíonn an t-éileamh ar shaothar cothrom le soláthair an tsaothair.

**Léaráid: 5 mharc**
**Míniúchán: 7 marc (4+3)**

**Margadh saothair ina bhfuil íosphá idirbheartaithe ag ceardchumann**




- D'fhéadfadh an ceardchumann ráta íosphá a idirbheartú: **socraítear é seo ag $W_{ÍOSTA}$.**
- Ní sholáthrófar aon oibrithe faoi $W_{ÍOSTA}$.

**Léaráid: 5 mharc**
**Míniúchán: 8 marc (4+4)**

**(c)** Tuilleann na mná in Éirinn 17.1% níos lú in aghaidh na huaire, ar an meán, ná mar a thuilleann na fir, de réir staidéir a rinne an Coimisiún Eorpach (Ag dul i ngleic leis an mbearna pá idir na hinscní san Aontas Eorpach, 2011). (15)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis na rátaí níos ísle pá a thuilleann na mná i ngeilleagar na hÉireann.

**1. Leithcheal sa láthair oibre**
D'fhéadfadh sé tarlú nach n-íocfaí an pá céanna le mná agus le fir, cé go ndéanfaidís an obair chéanna, de dheasca leithcheal mídhleathach.

**2. Easpa forfheidhmithe na ngníomhaireachtaí Stáit**
Ní chuireann gníomhaireachtaí Stáit an reachtaíocht reatha i bhfeidhm nó ní thógann siad caingean dlí in aghaidh ciontóirí.

**3. Freagrachtaí oibre agus teaghlaigh a chothromú**
Oibríonn mná níos lú uaireanta agus go minic ar bhonn páirtaimseartha chun freagrachtaí teaghlaigh agus obair le pá a chomhcheangal. Is féidir le saoire mháithreachais cur isteach ar dhul chun cinn gairmiúil.

**4. 'Síleáil ghloine'/níos lú ban i bpoist shinsearacha agus i bpoist cheannaireachta**
Tá mná faoi ghannionadaíocht i bhformhór na bpost sinsearach, i gcúrsaí polaitíochta agus in earnálacha áirithe sa gheilleagar agus i mboird bhainisteoireachta.

**5. Poist éagsúla, earnálacha éagsúla**
Déanann mná agus fir poist éagsúla agus go minic oibríonn siad in earnálacha éagsúla. In obair shláinte agus shóisialta is mná iad 80% de na hoibrithe.

**6. Obair ban agus scileanna ban a mheas faoina luach**
Déantar cumas agus scileanna ban a mheas faoina luach go minic, go háirithe i ngairmeacha ar mná iad tromlach na n-oibrithe. Léirítear é seo le rátaí pá níos ísle.

**7. Ról inscne na mban / Traidisiún**
D'fhéadfadh daoine áirithe a bheith faoin tuairim fós gurb é fanacht sa bhaile agus na leanaí a thógáil ról na mban sa tsochaí – d'fhéadfadh rátaí a bheith níos ísle i sochaithe áirithe mar gheall air seo go fóill.

**2 phointe ar 5 mharc (2+3)an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an bhearna pá idir na hinscní a dhúnadh.

1. **Feachtas Feasachta**
D'fhéadfadh Rialtais bearta a leagan síos chun cur le feasacht ar chomhionannas inscne agus ar dhea-chleachtas i gcuideachtaí. D'fhéadfadh feachtas fógraíochta forleathan le linn 'Lá Pá Comhionann na hEorpa' (*European Equal Pay Day)* cur le feasacht ar dhifreálach pá idir na hinscní agus athrú a spreagadh dá bharr.

2. **Comhaontú Comhchoiteann**
D'fhéadfadh comhpháirtithe sóisialta foráil a dhéanamh i gcomhaontuithe comhchoiteanna agus a cheangal ar chuideachtaí tuairisciú a dhéanamh ar thuarastail agus ar phleananna i ndáil le deireadh a chur le difreálach pá idir na hinscní.

3. **Iniúchtaí Saothair / Na ciontóirí a ainmniú agus a náiriú**
D'fhéadfaí oiliúint a chur ar iniúchóirí saothair maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar shárú comhionannas pá agus d'fhéadfaí ainmneacha na gciontóirí a fhoilsiú.

4. **Iniúchtaí ag cuideachtaí**
Cuireann pleananna agus iniúchtaí maidir le comhionannas inscne ar chumas cuideachtaí a ndul chun cinn a mheas i ndáil le comhionannas inscne agus pá comhionann.

5. **Córais phá a dhéanamh trédhearcach**
Tá córais phá thrédhearcacha an-tábhachtach ó taobh pá comhionann a chur i bhfeidhm e.g. bogearraí a chuidíonn le cuideachtaí anailís a dhéanamh ar struchtúir phá agus soláthar foirne agus le deimhniú go bhfuil pá comhionann ann.

6. **Staidéar ar Chomhionannas Inscne**
D'fhéadfadh rialtas staidéar a dhéanamh ar an gceist agus bearta a dhéanamh chun straitéisí a chuireann deireadh leis an difreálach pá idir na hinscní a chur chun feidhme.

7. **Dlíthe reatha a chur chun feidhme / a fhorfheidhmiú**
D'fhéadfadh rialtais a áirithiú freisin go ndéanfaí na dlithe reatha a fhorfheidhmiú trí chaingne dlí a thógáil in aghaidh ciontóirí.

8. **Oideachas maidir le steiréitíopa inscní**
D'fhéadfaí tabhairt faoi bhearta a chuirfeadh dúshlán faoi dhearcthaí 'traidisiúnta' ar na mná sna scoileanna, sa bhaile agus sa láthair oibre.

**1 phointe ar 5 mharc (2+3)**

**(d)** Mínigh go hachomair teoiric eacnamaíochta Karl Marx i dtaca le dúshaothrú an lucht oibre i gcóras caipitlíoch.(10)

- Rinne Marx an argóint gur íoc fostóirí pá caolmhaireachtála / íosta lena n-oibrithe.
- Bhí luach níos mó ar na hearraí a tháirg oibrí ná mar a bhí ar phá an oibrí. (Ghlaoigh sé **'luach barrachais**' nó **brabús** don fhostóir ar an difríocht idir an péire.) Léirigh sé seo go ndearnadh oibrithe a dhúshaothrú agus le himeacht aimsire go gcuirfí caipiteal ina n-ionad agus go gcaillfidís a bpoist.

**10 marc (6+4)**

## C4 Easnamh ar an mBuiséad Reatha / Cánachas / Caiteachas caipitil ag laghdú

**(a)** 'Bhí easnamh €14.89 bn ar an Státchiste i Mí na Nollag 2012.' (An Roinn Airgeadais, Eanáir 2013) (30)

(i) Déan plé ar **cheithre** shlí a bhféadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag an Easnamh ar Bhuiséad Reatha an Rialtais ar gheilleagar na hÉireann.

**1. Cánachas breise**
Is gá don rialtas ioncam a mhéadú chun a ghníomhaíochtaí a mhaoiniú agus mar sin ardaíodh ráta CBL; tugadh isteach an Cháin Mhaoine agus cáin ar Umar Seipteach. Tá sé mar aidhm ag an rialtas freisin muirir uisce a thabhairt isteach.

**2. Ciorruithe ar an gcaiteachas poiblí**
Sa bhuiséad le déanaí gearradh ráta an tsochair linbh agus tá tionchar ag an méid seo ar theaghlaigh uile an stáit agus laghdaíódh a gcaighdeán maireachtála dá bharr etc.

**3. Laghdú ar sholáthar seirbhísí stáit**
Tá deacrachtaí ag codanna den phobal mar gheall ar sholáthar seirbhísí amhail SNAnna; cúntóir baile do chúntóirí cúraim.

**4. Idirghabháil an Troika**
Ciallaíonn ceanglas an Troika maidir le heasnamh reatha an bhuiséid a laghdú gur féidir leis an Troika idirghabháil a dhéanamh agus comhairle a chur ar rialtas na hÉireann i ndáil le bearta beartais sa gheilleagar.

**5. Pá san earnáil phoiblí**
Tá an rialtas ag áitiú go gcaithfear an bille pá san earnáil phoiblí a laghdú agus go gcaithfear bearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht a mhéadú i seirbhísí poiblí.

**6. Laghdú ar éileamh comhiomlán / caillteanas post**
Thit caiteachas tomhaltóirí mar gheall ar an gcánachas breise. Cailleadh poist, san earnáil mhiondíola go háirithe, dá thoradh seo.

**7. Caillteanas muiníne / eisimirce**
Mar gheall ar thionchar an chánachais bhreise; caiteachas laghdaithe tomhaltóirí; caillteanas post, etc., tá imní ar dhaoine faoin todhchaí agus téann sé seo i bhfeidhm ar mhuinín lucht gnó. Tá daoine, nach gá fanacht in Éirinn, ag dul ar eisimirce.

**8.Maoluithe ar ionchais na saoránach**
Tá saoránaigh eolach ar an staid airgeadais reatha. D'fhéadfaimis glacadh níos tapa le muirir ar sheirbhísí stáit / áitiúla; cánacha méadaithe agus laghdú ar sheirbhísí stáit do dhaoine áirithe e.g. níos lú uaireanta do chúntóirí cúraim etc.

**4 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(ii) Mínigh cén dóigh a bhféadfaí buiséad rialtais a úsáid chun éagothroime i gcúrsaí ioncaim a laghdú i ngeilleagar.

**D'fhéadfaí sochair leasa a mhéadú / a choimeád**
Chiallódh sé seo go bhfaigheadh daoine ar na hioncaim ba lú ioncam breise.

**Athruithe cánach**
D'fhéadfadh an rialtas cánacha amhail cáin ioncaim, cáin ghnóthachan caipitiúil (CGT) agus Cáin ar Fháltais Chaipitiúla (CAT) a dhéanamh ní b'fhorchéimnithe.
Deireadh a chur le faoisimh agus fothanacha cánach a úsáideann na daoine ar ioncam an-ard chun íoc cánacha a sheachaint.
An banda cánach is ísle a leathnú ionas go méadóidh fíorioncam daoine a thuilleann ioncam íseal.

**Cáin Rachmais**
D'fhéadfadh an rialtas cáin rachmais a thabhairt isteach sa bhuiséad cosúil leis an gceann a thug geilleagair ar nós na Fraince isteach mar a ngearrtar cáin 75% ar ioncaim os cionn €1m.

**Díriú ar theidlíochtaí uilíocha**
In áit sochar linbh a thabhairt do gach teaghlach a bhfuil leanaí acu, d'fhéadfaí an teaghlach a thástáil ó thaobh acmhainne nó an sochar a dhíriú ar thuismitheoirí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus ar thuismitheoirí atá ag obair ach ag tuilleadh pá íseal.

**An ráta íosphá a mhéadú**
Dá ndéanfaí seo bheadh ioncam indiúscartha ní b'airde ag na hoibrithe sin ar ioncaim ísle.

**2 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis ar mhéadaigh an rialtas cánacha ar thoitíní agus ar alcól sa cháinaisnéis is déanaí aige.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **trí** shlí a mbeadh tionchar eacnamaíochta ag ardú ar Mhótarcháin ar gheilleagar na hÉireann. (30)

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis ar mhéadaigh an rialtas cánacha ar thoitíní agus ar alcól sa cháinaisnéis is déanaí aige.

**1. Caitheamh tobac / ól alcóil a dhíspreagadh**
Trí phraghsanna a mhéadú, d'fhéadfadh an tAire daoine a spreagadh chun níos lú tobac a chaitheamh nó níos lú alcóil a ól / thiocfadh feabhas ar a sláinte.

**2. Costais chúraim sláinte a laghdú**
Dá mbeadh daoine níos sláintiúla ní bheadh an cúram sláinte céanna ag teastáil, agus thiocfadh laghdú ar chostas cúram sláinte a sholáthar.

**3. Neamhláithreacht ón obair a laghdú**
Dá mbeadh níos lú daoine tinn, bheadh níos lú neamhláithreachta ón obair agus thiocfadh méadú ar tháirgiúlacht.

**4. Ioncam a mhéadú ó na cánacha seo**
Ós rud é go bhfuil daoine áirithe tugtha do chaitheamh tobac agus alcóil, tá a fhios ag an Aire go leanfaidh an méadú ar ioncam a thagann ó dhíol na dtáirgí seo, is cuma faoi mhéadú cánach.

**5. Díriú go sonrach ar dhaoine óga a chaitheann tobac agus alcól**
B'fhéidir gur mhaith leis an Aire praghsanna na dtáirgí seo a ardú go mór ionas nach mbeadh daoine óga spreagtha do chaitheamh tobac / 'ragús' óil.

**6. Imghabháil cánach a dhímholadh / a theorannú**
Ós rud é go bhfuil éileamh neamhleaisteach ar earraí amhail alcól agus tobac leanann daoine á gceannach agus trí cháin a chur san áireamh sa phraghas tá sé níos deacra cáin a imghabháil ar na hearraí seo.

**2 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **trí** shlí a mbeadh tionchar eacnamaíochta ag ardú ar Mhótarcháin ar gheilleagar na hÉireann.

1. **Ioncam cánach méadaithe don údarás áitiúil**

Faigheann an údarás áitiúil foinse ioncaim bhreise ón gcáin toisc go bhfuil gach seans ann go leanfaidh formhór na ndaoine ar aghaidh ag úsáid a gcarranna tar éis an ardaithe ar mhótarcháin.

2. **Laghdú ar ioncam indiúscartha do thomhaltóirí**

Laghdaítear cumhacht ceannaigh na dtomhaltóirí mar go bhfuil níos lú ioncaim acu le caitheamh ar earraí eile.

3. **Dreasacht ar bith maidir le carranna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a cheannach**

Is mór an cháin atá á gearradh anois ar dhaoine a cheannaigh carranna 'glasa'. Ní spreagann sé seo daoine chun carranna le hastuithe níos ísle a cheannach.

4. **Costais mhéadaithe do gnólachtaí**

Méadóidh na costais iompair do ghnólachtaí agus laghdóidh a n-iomaíochas / méadóidh praghsanna do thomhaltóirí.

5. **D'fhéadfadh comhlachtaí díoltóireachta carranna dúnadh**

Dá gceannófaí níos lú carranna nua d'fhéadfadh daoine a bpost a chailliúint dá bharr.

6. **Níos fearr don chomhshaol**

D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh teaghlaigh áirithe ábalta an dara carr a choimeád. D'fhéadfadh teaghlaigh eile an cinneadh a dhéanamh fáil réidh lena gcarranna agus úsáid a bhaint as iompar poiblí. D'fhéadfadh impleachtaí dearfacha a bheith ag an méid seo don chomhshaol.

**3 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

**(c)** 'Caithfidh an Clár Caipitil Phoiblí níos mó a chur le comhdhlúthú an bhuiséid.'

(Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitil, 2012 – 2016)

Mar Chomhairleoir atá ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déan plé ar **dhá** argóint eacnamaíochta i bhfabhar laghdú a dhéanamh ar chaiteachas caipitil sa Bhuiséad. (15)

**1. Iasachtaí an stáit agus an fiachas náisiúnta a laghdú**

Trí chaiteachas caipitil a laghdú tiocfaidh laghdú ar iasachtaí foriomlána an stáit agus beidh tionchar dearfach aige seo ar fhiachas náisiúnta na hÉireann.

**2. Bonneagar nua atá ann cheana / níos lú scrogall**

Tá na billiúin caite againn le roinnt blianta anuas ar an mbonneagar a fheabhsú agus anois tá an bonneagar atá againn, go háirithe an gréasán bóithre, ar ardchaighdeán. Tá níos lú scrogaill bonneagair ann mar gheall ar ár gcaiteachas ar bhonneagar thar na blianta.

**3. Tá an earnáil phríobháideach ag cur bonneagar riachtanach ar fáil**

In earnálacha áirithe tá cuideachtaí príobháideacha ag soláthar na hacmhainne riachtanaí e.g. fás ar shíntiús leathanbhanda.

**4. Caiteachas de réir an méid a chaitheann tíortha Eorpacha eile**

Fiú leis na ciorruithe ar an gcaiteachas rialtais beidh Éire fós ag caitheamh thart ar 2% den OTI ar bhonneagar. Tagann sé seo leis an meán i ngeilleagair limistéar an euro.

**2 phointe**
**An chéad phointe 10 marc (5+5).**
**An dara pointe 5 mharc (2+3)**

## C5 Téarmaí / Ioncam Náisiúnta / Plean spreagthach Keynesach

**(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas a mbaintear úsáid astu go coitianta chun staitisticí Ioncam Náisiúnta tíre a mheas: Fóirdheontais / Ioncaim Chomhchineáil / Glanioncam Tosca ón gCuid eile den Domhan. (15)

**Fóirdheontais:** **5 mharc**

Íocaíochtaí le táirgeoir chun cuidiú le costas táirgeachta (praghas an earra) a laghdú/aschur a mhéadú

**Ioncaim Chomhchineáil:** **5 mharc**


- Ioncam / Luachanna Saothair a fhaightear i bhfoirm neamhairgeadaíochta.
- Íocaíocht a dhéantar i bhfoirm earraí nó seirbhísí.

**Glanioncam Tosca ón gCuid eile den Domhan:** **5 mharc**

Seo an difríocht idir ioncaim a thuilleann tosca táirgeachta iasachta in Éirinn agus a sheoltar thar lear agus ioncaim a thuilleann tosca táirgeachta Éireannacha thar lear agus a chuirtear ar ais go hÉirinn.

**(b)** (i) Léirigh le léaráid an **Sreabhadh Ciorclach Ioncaim** do gheilleagar oscailte.
(ii) An instealladh isteach sa Sreabhadh Ciorclach Ioncaim, nó an sileadh amach as, íocaíochtaí aistritheacha? Mínigh do fhreagra.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar thrí chinntitheach reatha de leibhéal an tomhaltais i ngeilleagar na hÉireann. (35)

(i) Léirigh le léaráid an Sreabhadh Ciorclach Ioncaim do gheilleagar oscailte.




**Léaráid – 18 marc**

| | Marc aonair | Na Marcanna Iomlána |
|---|---|---|
| Na cúig 'earnáil' a aithint | 5 ar 2 mharc an ceann | **10 marc** |
| Na hocht 'sruth' chearta (comhpháirt agus treoir) a aithint | 8 ar 1 mharc an ceann | **8 marc** |

(ii) An instealladh isteach sa Sreabhadh Ciorclach Ioncaim, nó an sileadh amach as, íocaíochtaí aistritheacha? Mínigh do fhreagra.

- Is instealladh iad sa sreabhadh ciorclach ioncaim.
- Éiríonn siad ina n-ioncaim do na daoine a fhaigheann iad, caitheann siadsan iad agus méadaíonn sé seo an t-éileamh comhiomlán.

**5 mharc (2+3)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chinntitheach reatha de leibhéal an tomhaltais i ngeilleagar na hÉireann.

**1. Leibhéil ioncaim (beag beann ar fhoinse)**
Tá ioncaim íseal / ag laghdú faoi láthair agus tá siad ina gcúis le titim ar chaiteachas tomhaltóirí.

**2. Rátaí úis**
Tá rátaí úis ag leibhéal íseal faoi láthair. Beidh dreasú níos lú ag coigilteoirí airgead a choigilt mar go bhfuil an toradh atá á fháil acu níos ísle. Dá bhrí sin, is dócha go teoiriciúil go gcaithfidh siad níos mó airgid.

**3. Teacht / fáil ar chreidmheas**
Caithfidh teacht a bheith ag tomhaltóirí ar chreidmheas chun rudaí móra a cheannach. Mura bhfuil na bainc ag tabhairt amach airgid ar iasacht, cuirfear isteach ar thomhaltas i ngeilleagar na hÉireann.

**4. Rátaí cánachais**
Tá cánachas ag méadú in Éirinn. Tá an t-ioncam indiúscartha ag titim, agus eascraíonn laghdú ar chaiteachas tomhaltóra dá bharr sin.

**5. Muinín tomhaltóirí**
Dá laghad an mhuinín atá ag tomhaltóirí as an todhchaí is ea is lú an dóchúlacht go gcaithfidh siad airgead.

**6. Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC)**
Dá laghad an MPC is ea is lú a bheidh leibhéal an tomhaltais.

**3 phointe ar 4 mharc (2+2) an ceann**

**(c)** (i) Ag baint úsáide as próiseas iolraitheora Keynes duit, tabhair breac-chuntas ar an dóigh a mbeadh tionchar ag spreagthach fioscach (i.e. instealladh rialtais) ar Éileamh Comhiomlán geilleagair.

(ii) Mínigh cén fáth an bhféadfadh sé a bheith deacair do rialtas na hÉireann a leithéid sin de **phlean spreagthach Keynesach** a chur i bhfeidhm san am i láthair. (25)

(i) Ag baint úsáide as próiseas iolraitheora Keynes duit, tabhair breac-chuntas ar an dóigh a mbeadh tionchar ag spreagthach fioscach (i.e. instealladh rialtais) ar Éileamh Comhiomlán geilleagair.

- Beidh **méadú deiridh níos mó** ar éileamh comhiomlán ag an méadú tosaigh ar chaiteachas rialtais.

**4 mharc**

- Méadú ar éileamh comhiomlán = méadú tosaigh ar chaiteachas rialtais × an t-iolraitheoir.

**9 marc**

nó

Sampla
**Insteallann rialtas €10m.**
**Is é 2 an t-iolraitheoir.**
**Dá bhrí sin, méadú ar Éileamh Comhiomlán = €10m × 2 = €20m.**

(ii) Mínigh cén fáth an bhféadfadh sé a bheith deacair do rialtas na hÉireann a leithéid sin de **phlean spreagthach Keynesach** a chur i bhfeidhm san am i láthair.

1. **Tá Éire i gclár tarrthála / tá Easnamh ar an mBuiséad Reatha in Éirinn faoi láthair**

Tá Rialtas na hÉireann ag brath ar chistiú ón CAI/ón AE/ón mBanc Ceannais Eorpach chun an tír a reáchtáil. Fiú amháin sa chás go mbeadh spreagthach fioscach iomchuí, bheadh ar Rialtas na hÉireann cead (agus airgead) a iarraidh lena dhéanamh.

2. **Geilleagar oscailte í Éire**

Tagann laghdú ar luach an iolraitheora nuair a chuirtear allmhairí san áireamh. Tarlaíonn sé seo mar gur sceitheadh ón sreabhadh ciorclach ioncaim iad allmhairí. Dá méadódh Rialtas na hÉireann caiteachas, sceithfí cuid den chaiteachas sin ó gheilleagar na hÉireann mar gheall ar cheannach allmhairí.

3. **Tá téarnamh domhanda ag teastáil ó Éirinn**

Ní féidir le hÉirinn téarnamh ina haonar. Teastaíonn téarnamh geilleagrach domhanda uaithi. Braitheann fás ar ár n-ioncam náisiúnta ar gheilleagar láidir intíre agus ar gheilleagar láidir idirnáisiúnta araon.

4. **Freagairt an phobail**

Mura gcreideann an pobal go bhfuil an plean fioscach inchreidte, is lú an seans go n-éireoidh leis. Dá ndéanfadh an Rialtas iarracht ar an ngeilleagar a leathnú, bheadh orthu a áitiú ar mhuintir na hÉireann go n-éireodh leis an bplean agus go mbeadh an Rialtas ábalta íoc as an bhfiachas a thabhófaí tríd an gcaiteachas méadaithe.

5. **An timpeallacht gheilleagrach reatha / ionchais na saoránach**

Tá eagla ar dhaoine roimh an todhchaí. Dá n-insteallfadh an rialtas airgead sa gheilleagar, d'fhéadfadh go ndéanfadh saoránaigh airgead a choigilt in ionad é a chaitheamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh méadú ar an MPS (gclaonadh imeallach chun coigiltis) agus go mbeadh titim ar an MPC.

**12 mharc. 2 phointe**
**An chéad phointe 8 marc (4 + 4)**
**An dara pointe 4 mharc (2 + 2)**

## C6 Baincéireacht / Rátaí Úis / CPI

**(a)** (i) Mínigh, ag baint úsáide as sampla uimhriúil duit, conas a chruthaíonn bainc creidmheas i ngeilleagar.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a chuireann srian le cumas na mbanc chun creidmheas a chruthú nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta ann. (30)

(i) Mínigh, ag baint úsáide as sampla uimhriúil duit, conas a chruthaíonn bainc creidmheas i ngeilleagar.

### Rogha A

1. Glacann bainc thráchtála le taiscí airgid thirim óna gcustaiméirí, e.g. €100, lena gcumhdach. **4 mharc**
2. Is eol do na bainc seo ó thaithí nach n-éileoidh a gcustaiméirí ach méid beag de na taiscí seo in airgead tirim – 10% mar shampla – mar gheall ar an úsáid a bhaineann siad as seiceanna mar mhodh íoctha inghlactha. **4 mharc**
3. Mar sin de, tá airgead tirim barrachais acu anois lenar féidir leo iasachtaí a thabhairt – €90. **4 mharc**
4. Tá méid na n-iasachtaí a thugann siad bainteach lena dtaiscí airgid, ach de bhreis ar na taiscí sin, agus tá sé bunaithe ar a gcóimheas cúlchiste. **4 mharc**

**nó**

$$\text{Méadú ar chreidmheas} = \text{Méadú ar Thaiscí Airgid Thirim} \times \frac{1}{\text{Cóimheas Cúlchiste an Bhainc}}.$$

**Sampla uimhriúil:** **4 mharc**

Cuireann duine €100 i dtaisce i mbanc. Is é 10% cóimheas cúlchiste an bhainc.
Mar sin de, is féidir leis an mbanc creidmheas a chruthú mar seo a leanas:

$$€100^* \times \frac{1}{10\%}^* = €1{,}000^* \;[-\;€100 = €\,900^*]$$

**(1 mharc in aghaidh an fhigiúir le réiltín)**

### Rogha B

**Clár Comhardaithe Bainc – 4 mharc**

| Sócmhainní | € | Dliteanais | € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim a chuireann X i dtaisce | 100 | Taisce a thugann X | 100 |
| Sócmhainní Iomlána | 100 | Dliteanais Iomlána | 100 |

**Clár Comhardaithe Bainc – 6 mharc**

| Sócmhainní | | Dliteanais | |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim a chuireann X i dtaisce | 100 | Taiscí | 100 |
| Iasacht | 900 | Taiscí Nua | 900 |
| Sócmhainní Iomlána | 1,000 | Dliteanais Iomlána | 1,000 |

**2 chlár comhardaithe chearta: 4 mharc + 6 mharc = 10 marc**

1. Cuireann an tUasal X €100 i dtaisce sa bhanc
2. Is eol don bhanc nach n-éilítear ach 10% in airgead tirim.
3. Tá go leor airgead tirim aige chun tacú le taiscí iomlána de €1,000.
4. Is féidir leis an mbanc €900 eile a chruthú i dtaiscí. Déanann sé amhlaidh trí iasachtaí de €900 a thabhairt amach.
5. Dá bhrí sin, is leor €100 in airgead tirim chun na críche seo. Taispeántar é seo sa chlár comhardaithe nua.

**Míniúchán 10 marc: 5 phointe ar 2 mharc an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a chuireann srian le cumas na mbanc chun creidmheas a chruthú nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta ann.

**1. Custaiméirí inchairde / rioscaí méadaithe do bhainc**
Bíonn deacrachtaí sreabhadh airgid ag cuid mhór gnólachtaí nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta ann. Bíonn riosca measartha mór ann go dteipfidh ar na cuideachtaí seo. Beidh bainc aireach maidir le hiasachtaí a thabhairt mar go mbeidh siad buartha faoin riosca nach n-aisíocfar na hiasachtaí. Mar an gcéanna, tá riosca níos mó ag baint le hiasachtaí tomhaltóirí le linn cúlú eacnamaíochta. D'fhéadfadh tomhaltóirí a bpost a chailleadh agus gan a bheith ábalta a n-iasachtaí a aisíoc.

**2. Taiscí airgid thirim sna bainc**
Ní féidir le banc iasachtaí a thabhairt ach sa chás gur féidir leo taiscí airgid thirim a mhealladh.
Má mheallann siad níos mó taiscí, beidh siad ábalta níos mó creidmheasa a chruthú. Tá deacracht ag bainc Éireannacha taiscí a mhealladh ó thús an chúlaithe eacnamaíochta mar gur fearr le daoine na rátaí níos airde toraidh le coigilteas stáit. Bhí agus tá taisceoirí drogallach airgead a chur i dtaisce toisc go bhfuil siad buartha go gclisfí ar na bainc.

**3. Éileamh custaiméirí ar iasachtaí / ar chreidmheas**
I rith cúlú eacnamaíochta, laghdaíonn an t-éileamh ó ghnólachtaí agus ó thomhaltóirí ar chreidmheas.
Ní dócha go n-infheisteoidh gnólachtaí má tá siad den tuairim go bhfuil an cúlú eacnamaíochta ag dul a mhaireachtáil tamall fada. Mar an gcéanna, ní bhfaighidh tomhaltóirí iasachtaí má tá siad buartha faoina n-ionchais fostaíochta.

**4. Tá cláir chomhardaithe laga ag bainc Éireannacha / Díghiaráil**
Mar thoradh ar iasachtú meargánta i rith an bhorrtha réadmhaoine, tá cláir chomhardaithe lagaithe ag bainc Éireannacha. Tháinig laghdú mór ar a gcumas chun airgead nua a chruthú. Ina theannta sin, tá spreagadh á thabhairt do bhainc Éireannacha a gcláir chomhardaithe a dhíghiaráil agus a chrapadh, a d'fhéadfadh a gcumas chun creidmheas a chruthú a laghdú.

**5. Éilimh custaiméirí ar airgead tirim**
Ní mór don bhanc go leor airgead tirim a choinneáil le go mbeidh sé ábalta éilimh a chustaiméirí ar airgead tirim a chomhlíonadh. Más rud é go n-íocann daoine níos mó dá gcuid billí in airgead tirim le linn cúlú eacnamaíochta, beidh méadú ar a n-éileamh ar airgead tirim agus laghdóidh sé seo cumas na mbanc chun creidmheas a chruthú.

**2 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

**(b)** Tá roinnt banc ceannais tar éis leas a bhaint as beart polasaí airgeadaíochta ar a dtugtar 'Éascú Cainníochtúil' ina n-iarracht le dul i ngleic leis an ngéarchéim airgeadais dhomhanda (i.e. airgead nua atá cruthaithe acu a úsáid chun sócmhainní airgeadais a cheannach ó institiúidí airgeadais).

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíocha do gheilleagar a d'fhéadfadh a bheith ar an mbeart seo.

Laghdaigh an Banc Ceannais Eorpach (ECB) rátaí úis in 2012.

(ii) Déan plé ar **dhá** shochar eacnamaíocha a d'fhéadfadh geilleagar na hÉireann a bhaint as rátaí úis a bheith ag titim.

(20)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíocha do gheilleagar a d'fhéadfadh a bheith ar an mbeart seo.

**1. Iasachtú méadaithe na mbanc**
Trí chúlchistí airgid méadaithe, d'fhéadfadh na bainc thráchtála a n-iasachtú a mhéadú.

**2. Fás geilleagrach / poist**
Ba cheart go méadódh iasachtú méadaithe na mbanc caiteachas tomhaltóirí agus caiteachas infheistíochta araon, a mhéadódh éileamh comhiomlán agus a chabhródh le poist a chruthú.

**3. Boilsciú féideartha**
D'fhéadfadh go mbeadh méadú ar bhoilsciú dá méadódh an soláthar airgid ag ráta níos gasta ná an soláthar earraí agus seirbhísí.

**4.Rátaí Úis**
D'fhéadfadh méadú ar an soláthar airgid – tar éis airgead nua a chruthú agus é a úsáid chun sócmhainní airgeadais a cheannach – a bheith ina chúis le laghdú ar rátaí úis, rud a d'fhéadfadh muinín lucht gnó a athbhunú agus cabhrú le gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh.

**5. Bannaí rialtais**
Má cheannaítear bannaí rialtais, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le hardú ar a bpraghas margaidh agus tar éis ardú a theacht ar a n-éileamh d'fhéadfadh sé go mbeadh laghdú ar a dtoradh.

**2 phointe ar 4 mharc (2+2) an ceann**

(ii) Déan plé ar **dhá** shochar eacnamaíocha a d'fhéadfadh geilleagar na hÉireann a bhaint as rátaí úis bheith ag titim.

**1. Spreagtar iasachtaíocht**
Is saoire an iasachtaíocht anois agus tá aisíocaíochtaí iasachta níos saoire ina dtoradh air seo. Beidh méadú ar an gcumhacht caithimh dá bharr agus tá sé seo ina ábhar le caighdeán níos airde maireachtála.

**2. Díspreagtar coigilteas**
Mar gheall ar ráta toraidh níos ísle, d'fhéadfadh sé gan a bheith chomh tarraingteach do dhaoine a gcuid airgid a choigilt agus mhéadódh siad a gcaitheamh dá bharr.

**3. Laghdú ar aisíocaíochtaí morgáiste**
Laghdaíonn costas na n-aisíocaíochtaí míosúla (ar mhorgáistí rianúcháin) agus, uaidh sin, bíonn ioncam indiúscartha níos mó agus caighdeán níos airde maireachtála le sonrú.

**4. Costas Fónaimh a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta**
De bharr rátaí úis intíre níos ísle, tagann laghdú ar an gcostas a bhaineann le haisíoc na coda inmheánaí den fhiachas náisiúnta.

**5. Costas Táirgeachta / iomaíochas méadaithe**
Laghdófar na costais táirgeachta agus beidh praghsanna intíre níos ísle dá bharr. Méadóidh sé seo iomaíochas na n-onnmhairí Éireannacha agus d'fhéadfadh méadú teacht ar na díolacháin.

**6. Spreagadh chun infheistíochta**
Ardóidh an MEC agus beidh brabús méadaithe le sonrú dá bharr agus d'fhéadfadh sé seo infheisteoirí a spreagadh /
Éiríonn sé níos saoire do ghnólachtaí iasacht a fháil agus b'fhéidir go ndéanfaidís infheistíocht dá thoradh.

**7. Fás Geilleagrach spreagtha**
Mar thoradh ar infheistíocht mhéadaithe / ar chaiteachas tomhaltóirí méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfaí spreagadh a thabhairt d'fhás geilleagrach amach anseo in Éirinn.

**8. Ioncaim chánachais**
D'fhéadfadh an rialtas níos lú ioncaim a fháil trí DIRT mar gheall ar an laghdú ar choigilteas a d'fhéadfadh a bheith ann.
D'fhéadfadh an t-ioncam ó CBL agus ó dhleachtanna máil ardú de bharr an chaiteachais bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann, áfach.
Beidh méadú ar an ioncam ó cháin ioncaim má thagann laghdú ar an dífhostaíocht.

**9. Fostaíocht**
Caiteachas tomhaltóirí méadaithe; ardú ar an éileamh ar onnmhairí Éireannacha; méadú ar an infheistíocht agus méadú ar an bhfás geilleagrach – d'fhéadfadh sin uile a bheith ina mbunús le méadú ar líon na ndaoine fostaithe.

**2 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

**(c)** Is é cuspóir pholasaí airgeadaíochta an ECB ráta bliantúil an bhoilscithe i limistéar an euro a choinneáil ar leibhéal an-íseal.

(i) Luaigh an ráta boilscithe in Éirinn le linn 2013, mar a tomhaiseadh leis an Innéacs Praghsanna do Tomhaltóirí (CPI) é.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá úsáid eile a bhaintear as an CPI, seachas an ráta boilscithe a thomhas.
(iii) Déan plé ar na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith leis an CPI mar thomhas cruinn ar athruithe sa chostas maireachtála in Éirinn.

(25)

(i) Luaigh an ráta boilscithe in Éirinn le linn 2013, mar a tomhaiseadh leis an Innéacs Praghsanna do Tomhaltóirí (CPI) é.

**Bealtaine 2013: 0.4%**

**Ó Eanáir 2012 go hEanáir 2013: 1.2%**

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid eile a bhaintear as an CPI, seachas an ráta boilscithe a thomhas.

**1. Tomhaiseann sé Iomaíochas Idirnáisiúnta / Comparáidí Idirnáisiúnta**
Is féidir linn a chinneadh, trínár ráta boilscithe a chur i gcomparáid le ráta boilscithe ár gcomhpháirtithe trádála, cé acu atá ár n-iomaíochas ar mhargaí idirnáisiúnta ag feabhsú nó ag dul in olcas.

**2. Táscaire faoi fheidhmiú geilleagrach**
Is táscaire é an CPI, i dteannta staitisticí maidir le fostaíocht, fás geilleagrach, tuairisceán an státchiste, etc., faoi fheidhmiú geilleagrach na tíre.

**3. Innéacsú coigiltis / infheistíochtaí**
Tá torthaí 'innéacsnasctha' ag roinnt scéimeanna coigiltis. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an ráta úis cothrom leis an ráta boilscithe. D'fhéadfadh daoine aonair a bhfuil polasaithe árachais / pinsin acu a bheith ábalta a ranníocaíochtaí a mhéadú le go gcoinneofaí fíorluach na bpolasaithe seo.

**4. Á úsáid ag an rialtas agus é ag innéacsú bandaí cánach / íocaíochtaí leasa shóisialaigh**
D'fhéadfadh an rialtas úsáid a bhaint as laghduithe ar an CPI chun bandaí cánach a innéacsú le go mbeadh cáiníocóirí ag íoc níos mó cánach. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh an rialtas úsáid a bhaint as laghduithe ar an CPI chun rátaí leasa shóisialaigh a laghdú le nach gcuirfí isteach ar chaighdeán maireachtála na bhfaighteoirí agus le go laghdófaí caiteachas rialtais tríd sin.

**5. Á úsáid i gcaibidlí pá**
Bhain ceardchumainn / fostaithe úsáid as méaduithe ar an CPI mar bhonn lena n-éilimh ar ardú pá san am atá thart.

**2 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(iii) Déan plé ar na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith leis an CPI mar thomhas cruinn ar athruithe sa chostas maireachtála in Éirinn.

**1. Teorainneacha a bhaineann le meán**
Léiríonn an CPI pátrúin chaiteachais an daonra ar fad ar an meán. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí nach léiríonn sé grúpaí ar leith sa daonra go cruinn e.g. daoine nach gcaitheann tobac; daoine nach n-ólann alcól.

**2. Táirgí nua**
Toisc nach gcuireann sé san áireamh ach na táirgí sin sa bhonnbhliain, bíonn sé chun deiridh ar threochtaí agus faisin tomhaltóirí. Ní chuirtear táirgí nua san áireamh san innéacs.

**3. Stíleanna maireachtála tuaithe in aghaidh stíleanna maireachtála uirbeacha**
Léirítear teaghlaigh uirbeacha agus teaghlaigh thuaithe araon sa tacar ualaí reatha, ach d'fhéadfadh nach léireodh sé seo athruithe ar a gcostas maireachtála faoi seach go cruinn.

**4. Tomhaltóirí ag athrú**
Nuair a ardaíonn praghsanna, ní thomhaiseann an CPI an méid a d'fhéadfadh daoine athrú go brandaí níos saoire.

**5. Caighdeán na dtáirgí**
Ní chuireann an t-innéacs athruithe ar chaighdeán na dtáirgí san áireamh.
D'fhéadfadh praghsanna níos airde feabhsú ar chaighdeán an táirge a léiriú.

**6. Tomhaiseann sé athruithe ar phraghsanna**
Ní thomhaiseann an CPI ach athruithe ar phraghsanna agus ní thomhaiseann sé athruithe ar an gcostas maireachtála mar nach gcuireann sé san áireamh na nithe go léir a théann i bhfeidhm ar chaighdeán maireachtála an duine i.e. cáin ioncaim, leas sóisialach, etc.

**7. Ualaí seasta**
Is iad na hualaí a úsáidtear ná iad siúd atá i bhfeidhm sa bhonnbhliain.
Athraíonn an tábhacht a bhaineann le roinnt táirgí sa bhonnbhliain le himeacht ama mar gheall ar athruithe ar phraghsanna, ar spéis agus ar ioncam.

**2 phointe ar 5 mharc (2+3)an ceann**

## C7 Comhardú na nÍocaíochtaí / An Euro ag Ardú / Dúshláin roimh ghnólachtaí Éireannacha

**(a)** 'Is iad figiúirí Chomhardú na nÍocaíochtaí is fearr a thugann mionsonraí faoi earnáil na seirbhísí in Éirinn a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, earnáil atá mór agus atá ag fás go tapa.' (30)

(i) Mínigh an téarma 'Cuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí'
(ii) Mínigh dhá iarmhairt eacnamaíocha ar bharrachas ar Chuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí.

(i) Mínigh an téarma 'Cuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí'

- Léiríonn sé seo na fáltais agus na híocaíochtaí as trádáil infheicthe agus trádáil dhofheicthe thar thréimhse ama.

***nó***

- Léiríonn sé seo an difríocht idir onnmhairí iomlána agus allmhairí iomlána.

**6 mharc**

(ii) Mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíocha ar bharrachas ar Chuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí.

**1. Instealladh isteach sa gheilleagar**
Ós rud é gur instealladh iad onnmhairí sa sreabhadh ciorclach ioncaim, méadaítear méid an iolraitheora agus, dá bhrí sin, ardaíonn ioncam náisiúnta.

**2. Méadú ar ár gcúlchistí seachtracha**
D'fhéadfadh méadú a bheith ar ár gcúlchistí seachtracha agus méadóidh sé seo ár gcumas chun íocaíochtaí idirnáisiúnta a dhéanamh.

**3. Cruthú post**
D'fhéadfadh onnmhairí níos airde a bheith ina gcúis le cruthú post laistigh den gheilleagar agus d'fhéadfadh sé seo an méadú ar eisimirce a mhaolú.

**4. Infheistíocht dhíreach choigríche (FDI) a mhealladh**
D'fhéadfadh corparáidí ilnáisiúnta (MNCs) éirí eolach ar rath na hÉireann ar mhargaí eachtracha agus d'fhéadfadh sé seo spreagadh a thabhairt dóibh lonnú in Éirinn.

**12 mharc: 2 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

(iii) Déan cur síos ar an dóigh inar féidir le gnólachtaí iasachta atá ag feidhmiú in Éirinn tionchar a bheith acu ar Chuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí in Éirinn.

**1. Cuirtear tuarastail / pá ar ais chuig an tír dhúchais**
D'fhéadfadh na cuideachtaí seo foireann / saineolas a thabhairt leo óna dtír dhúchais. D'fhéadfaí cuid de na tuarastail a thuilltear a chur ar ais chuig an tír dhúchais – amach as Éirinn.

**2. Amhábhair / earraí caipitiúla iompórtáilte**
Beidh earraí caipitiúla agus amhábhair ag teastáil ó na tíortha seo. D'fhéadfadh gur gá roinnt díobh a iompórtáil. Is allmhairí fisiceacha iad agus beidh siad i láthair sa chuid 'Reatha'.

**3. Táirgí deiridh easpórtáilte**
Táirgeann roinnt cuideachtaí eachtracha a dtráchtearraí le haghaidh easpórtála den chuid is mó. Meastar gur onnmhairí fisiceacha iad agus tá siad i láthair sa chuid 'Reatha'.

**4. Aisdúichiú Brabúis**
D'fhéadfadh na cuideachtaí seo cinneadh a dhéanamh a mbrabús a aisdúichiú a luaithe is a bhíonn siad brabúsach. Meastar gur allmhairí dofheicthe iad seo.

**12 mharc: 2 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

**(b)** Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ar luach an euro a bheith ag ardú i gcoibhneas lena lán airgeadraí idirnáisiúnta eile.

(25)

1. **Allmhairí Níos Saoire**
   Beidh laghdú ar phraghas na n-allmhairí ó SAM / ón Ríocht Aontaithe / ón tSeapáin, etc.
   Mar thoradh air seo, beidh bille na n-allmhairí níos lú do tháirgeoirí Éireannacha / beidh méadú ar allmhairí ó na tíortha seo.

2. **Onnmhairí Níos Daoire**
   Beidh méadú ar phraghas na n-onnmhairí ó Éirinn go SAM / go dtí an Ríocht Aontaithe / go dtí an tSeapáin, etc. agus mar gheall air sin, beidh sé níos deacra iad a dhíol. D'fhéadfadh laghdú teacht ar na honnmhairí go dtí na tíortha seo mar gheall air seo.

3. **Cuirtear isteach ar thurasóireacht go hÉirinn**
   Tiocfaidh níos lú cuairteoirí eachtracha ar saoire in Éirinn mar go bhfuil sé níos costasaí do dhaoine eachtracha airgeadra an euro a cheannach. D'fhéadfadh níos mó Éireannach dul ar saoire sna tíortha sin mar thoradh air sin, toisc go mbeidh sé níos saoire anois.

4. **Fostaíocht**
   Cuirfear isteach ar fhostaíocht sna tíortha sin a bhraitheann ar onnmhairí Éireannacha go dtí na tíortha seo mar gheall ar laghdú ar na honnmhairí.

5. **Moilliú ar ráta an fháis gheilleagraigh**
   Titeann caiteachas laistigh den gheilleagar mar gheall ar an gcaillteanas post. Méadaíonn caiteachas an rialtais ar leas sóisialach. Beidh tionchar diúltach acu seo le chéile ar ráta fáis an gheilleagair.

6. **Díspreagtar infheistíocht eachtrach in Éirinn**
   Beidh sé níos costasaí do ghnólachtaí ó na tíortha seo earraí caipitiúla a cheannach / infheistiú in Éirinn. D'fhéadfadh go spreagfaí cuideachtaí Éireannacha infheistiú thar lear de réir mar a éiríonn sé níos saoire déanamh amhlaidh.

**5 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann.**

**(c)** 'Ní mór do ghnólachtaí easpórtála fás geilleagrach a spreagadh agus a chur chun cinn.
(Ráiteas Straitéise 2011-2014, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta)

Déan plé ar na príomhdhúshláin atá roimh ghnólachtaí Éireannacha ar mhargaí idirnáisiúnta. (20)

1. **Margaí nua a aimsiú**

Tá sé iontach doiligh do ghnólachtaí Éireannacha dul isteach i margaí nua amhail an Rúis agus an tSín. D'fhéadfadh (agus déanann) an rialtas cabhrú trí naisc thrádála a fhorbairt agus trí thabhairt faoi mhisin trádála. D'fhéadfadh siad cabhrú leis na gnólachtaí sin taighde a dhéanamh ar mhargaí nua freisin.

2. **Cúlú Domhanda**

Fiú sa chás go bhféadfadh gnólachtaí Éireannacha margaí nua a aimsiú thar lear, tá laghdú ar éileamh ar na margaí a bhfuilimid ag díol leo agus ciallaíonn sé seo nach gceannóidh tíortha eile an méid céanna dár n-onnmhairí.

**3. Deacracht creidmheas a fháil**

Beidh sé doiligh do ghnólachtaí Éireannacha fás agus leathnú go margaí eachtracha murar féidir leo creidmheas a fháil ó bhainc chun leathnú a mhaoiniú ná teacht a bheith acu ar áiseanna rótharraingte fiú agus iad ag fanacht le go ndéantar íocaíochtaí.

**4. Iomaíochas**

Cé gur tháinig laghdú ar chostais táirgeachta i ngeilleagar na hÉireann le roinnt blianta anuas, d'fhéadfadh nach mbeadh earraí Éireannacha chomh hiomaíoch is a bheadh earraí ó thíortha eile. Is féidir le cuid de na tíortha nua san AE earraí a tháirgeadh níos saoire ná is féidir linne. Cuirfidh sé seo isteach ar ár gcumas chun ár n-earraí a dhíol ar mhargaí idirnáisiúnta.

**5. Ráta Malairte**

Má ardaíonn luach an euro i gcoibhneas lenár gcomhpháirtithe trádála, beidh ár n-onnmhairí níos daoire i dtíortha amhail SAM, an Ríocht Aontaithe agus an tSín. Tugann sé seo dúshláin do ghnólachtaí Éireannacha atá ag iarraidh dul san iomaíocht thar lear.

**6. Maorlathas a laghdú a oiread agus is féidir**

Dá mbainfeadh Rialtais i dtíortha eile aon mhaorlathas neamhriachtanach agus 'rómhaorlathas', bheadh sé ní b'éasca agus ní ba ghasta do ghnólachtaí Éireannacha margaí agus táirgí nua a fhorbairt thar lear.

**7. Oideachas agus scileanna**

Cháin roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta córas oideachais na hÉireann agus an bhéim a chuirimid ar fhoghlaim de ghlanmheabhair. Mar thoradh air seo, d'fhéadfadh lucht saothair a bheith ann nach sealbhaíonn na scileanna réitithe fadhbanna atá ag luchtanna saothair eile a fhéadann a bheith níos nuálaí maidir le hearraí/seirbhísí a chruthú. Ina theannta sin, beidh ár gcumas chun an lucht saothair reatha a athoiliúint ríthábhachtach má tá rath le bheith orainn amach anseo.

**8. Costais iompair**

Ó tharla gur náisiún oileánda í Éire bíonn na costais sin suntasach nuair atá earraí á n-easpórtáil ó Éirinn agus ní mór iad a ionchorprú sa phraghas deiridh. Mar gheall ar ardú phraghsanna ola an domhain, tá bille iompair méadaithe os comhair táirgeoirí Éireannacha nach bhfuil aon smacht acu air.

**9. Scileanna teanga**

Luaigh roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta ar nós Intel gur cheart dúinn ár scileanna teanga a fheabhsú, mar shampla Sínis a fhoghlaim, le gur féidir linn leas níos fearr a bhaint as margaí éiritheacha san Áise.

**4 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

## C8 Dífhostaíocht / Fiachas Náisiúnta / Daonra ag dul in aois

**(a)** 'Tháinig méadú 74% ar an ráta dífhostaíochta ina measc siúd atá 15-24 bliana d'aois in Éirinn idir 2006 agus 2011' (Próifíl 3 Ag Obair, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Iúil 2012).

(i) Mínigh **trí** iarmhairt eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann ar ráta ard dífhostaíochta i measc na n-óg.
(ii) Déan plé ar **thrí** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun fadhb na dífhostaíochta i measc na n-óg a laghdú. (30)

(i) Mínigh **trí** iarmhairt eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann ar ráta ard dífhostaíochta i measc na n-óg.

| **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|
| **Méadú ar chaiteachas (reatha) an rialtais** | Beidh ar an rialtas bille leasa shóisialaigh níos airde a mhaoiniú. |
| **Laghdú ar ioncam (reatha) an rialtais** | Toisc go bhfuil níos lú daoine ag obair, baileoidh an rialtas níos lú airgid mar ioncam cánach dírí agus mar ioncam cánach indírí araon. |
| **Caillteanas ar an toradh ar an infheistíocht san oideachas 'Glúin chaillte'** | Toisc nach bhfuil daoine óga ag cur leis an tsochaí, cailleann an stát amach ar infheistíocht na gcáiníocóirí ina gcuid oideachais. |
| **Eisimirce** | Toisc go bhfuil níos lú deiseanna fostaíochta ar fáil, d'fhéadfadh go smaoineodh daoine faoi dhul ar eisimirce, más féidir leo a leithéid a dhéanamh, má tá deiseanna fostaíochta ar fáil in áiteanna eile. |
| **Costais shóisialta don tsochaí** | D'fhéadfadh go méadóidh coireanna, loitiméireacht agus iompar frithshóisialta i measc daoine óga atá dóthanach de chúrsaí orthu agus nach bhfuil aon leas acu sa tsochaí. D'fhéadfadh go mbeadh méadú ar chostais phóilíneachta don rialtas dá bharr. |
| **Méadú ar an éileamh ar áiteanna in oideachas tríú leibhéal** | Toisc go bhfuil drochionchais fostaíochta ann, d'fhéadfadh go ndéanfadh na daoine siúd nár bhain leas as oideachas tríú leibhéal cheana áiteanna in oideachas a lorg, rud a chuirfeadh brú ar acmhainní na gcoláistí agus an stáit araon (maidir le cúrsaí maoinithe). |
| **Laghdú ar an spreagadh do ghnólachtaí infheistíocht a dhéanamh** | Toisc go bhfuil níos lú éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí mar gheall air go bhfuil ioncam níos ísle ag daoine, d'fhéadfadh go mbeadh níos lú spéis ag gnólachtaí (in) infheistíocht a dhéanamh, agus go mbeadh aschur laghdaithe ann mar thoradh air sin. |

**3 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(ii) Déan plé ar **thrí** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun fadhb na dífhostaíochta i **meas**c na n-óg a laghdú.

**1. Tuilleadh deiseanna oideachais / oiliúna a chur ar fáil**
D'fhéadfadh Ollscoileanna / Institiúidí Teicneolaíochta / Solas a chinntiú go soláthrófar oideachas ardchaighdeáin agus oiliúint i scileanna chun an t-éileamh a shásamh in earnálacha an gheilleagair atá ag fás.

**2. Fóirdheontais do shocrúcháin oibre / intéirneachtaí**
D'fhéadfadh an rialtas leas 'breisithe' a thabhairt do dhaoine atá sásta taithí oibre a fháil agus socrúcháin a dhéanamh le cuideachtaí chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus taithí.

**3. Laghdú ar ranníocaíochtaí ÁSPC**
D'fhéadfadh an rialtas ÁSPC an fhostóra a laghdú i gcás na ngnólachtaí sin a ghlacann le hoibrithe breise óga agus a chuireann oiliúint orthu.

**4. An t-íosphá a laghdú**
Laghdóidh sé seo costais do ghnólachtaí agus d'fhéadfadh sé iad a spreagadh chun tuilleadh oibrithe a fhostú.

**5. Earnáil baincéireachta atá folláin**
Cinntigh go mbeidh bainc Éireannacha caipitlithe go cuí agus go mbeidh siad in ann iasachtaí a thabhairt do ghnólachtaí, ag spreagadh tuilleadh fostaíochta ó ghnólachtaí sa gheilleagar.

**6. Tuilleadh gairmoiliúna ar scoil**
Déan athbhreithniú ar an gcuraclam ag an dara leibhéal chun riachtanais reatha / amach anseo an mhargaidh shaothair a léiriú agus, dá bhrí sin, chun cabhrú leis na ganntanais saothair a mheaitseáil.

**7. Beartais chun soghluaisteacht gheografach a spreagadh**
D'fhéadfadh go gcuirfeadh sé seo ar chumas daoine óga obair a dhéanamh in áiteanna geografacha eile, rud a mhéadódh fostaíocht e.g. cóiríocht fóirdheontais; costais taistil.

**8. Costais a laghdú do ghnólachtaí, lena n-áirítear cánacha párolla agus cánacha eile**
D'fhéadfadh an rialtas, trí rialúchán, iallach a chur ar na gnólachtaí sin a sholáthraíonn fóntais a bpraghsanna a laghdú. D'fhéadfadh sé seo na costais do ghnólachtaí a laghdú agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar na praghsanna dá thairbhe. D'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh agus bheadh méadú ar an éileamh ar shaothar dá bharr. D'fhéadfadh sé seo cabhrú le praghsanna onnmhairí a laghdú; uaidh sin, bheadh méadú ar an éileamh comhiomlán agus chruthófaí fostaíocht freisin.

**9. Rátaí leasa shóisialaigh a laghdú do dhaoine 'óga' atá dífhostaithe**
Mar thoradh air seo, beidh méadú ar an difear idir an ráta leasa shóisialaigh agus an ráta pá. D'fhéadfadh go spreagfadh sé sin daoine óga chun dul isteach sa mhargadh saothair.

**3 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

**(b)** '€137.6 bn an Fiachas Náisiúnta a bhí ag Éirinn i ndeireadh mhí na Nollag 2012.'
(i) Déan plé ar na míbhuntáistí d'Éirinn a bhaineann le Fiachas Náisiúnta ard a bheith aici.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí inar féidir Fiachas Náisiúnta na hÉireann a dhéanamh níos sofhulaingthe. (30)

(i) Déan plé ar na míbhuntáistí d'Éirinn a bhaineann le Fiachas Náisiúnta ard a bheith aici.

**1. Deischostais i gceist / caillteanas seirbhísí poiblí**
Agus níos mó cistí á n-úsáid chun íoc as ár gcuid aisíocaíochtaí bliantúla úis, tá níos lú cistí ar fáil ag an rialtas le caitheamh chun críocha eile. Tá an rialtas tar éis an caiteachas ar sheirbhísí poiblí a chiorrú, agus tá meath ar sholáthar roinnt seirbhísí ina thoradh air seo, e.g. an tseirbhís sláinte; an tseirbhís oideachais.

**2. Méadú ar an ualach atá ar cháiníocóirí reatha agus a bheidh ar cháiníocóirí amach anseo**
Mar gheall ar an méadú seo, beidh ar an rialtas smaoineamh faoi chánacha méadaithe a ghearradh ar cháiníocóirí amach anseo.

**3. Ús bliantúil ar aisíocaíochtaí**
Ciallaíonn an fiachas méadaithe náisiúnta go bhfuil costas bliantúil ár bhfiachais náisiúnta ag dul i méid. Is éard is íocaíochtaí úis ann íocaíochtaí a dhéantar i leith tomhaltais san am atá thart agus déantar iad chun éadairbhe an tomhaltais reatha.

**4. Caillteanas ardcheannais gheilleagraigh / idirghabháil an Troika**
Sa chás nach féidir le tír í féin a mhaoiniú, is féidir léi iarratas a dhéanamh ar chomhlachtaí seachtracha, amhail an IMF, i gcomhair maoiniú. Chun an maoiniú sin a fháil, áfach, ní mór do thír glacadh le coinníollacha mar atá sonraithe ag na comhlachtaí seachtracha sin.

**5. Laghdú ar ár rátáil idirnáisiúnta chreidmheasa**
Déanfaidh fiachas ard difear do rátálacha creidmheasa. Beidh tionchar aige sin ar chumas Rialtas na hÉireann maoiniú príobháideach seachtrach a fháil sa mhargadh bannaí.

**6. Comhlachtaí leathstáit a dhíol**
Tá an rialtas reatha tiomanta anois do roinnt cuideachtaí stáit a phríobháidiú agus d'úsáid a bhaint as an ioncam sin chun ár bhfiachas a laghdú. Tá sé sin ag teacht le riachtanais an Troika.

**3 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí inar féidir Fiachas Náisiúnta na hÉireann a dhéanamh níos sofhulaingthe.

**1. Fiachas a dhíscríobh**
Comhaontaíonn cuid mhór tráchtairí nach bhfuil leibhéil Fiachais na hÉireann sofhulaingthe agus nach mór cuid den fhiachas sin a dhíscríobh ionas gur féidir leis an ngeilleagar fás sa todhchaí.

**2. Rátaí níos ísle úis a idirbheartú**
Ní mór don NTMA iarracht a dhéanamh a chinntiú go gcosnóidh na haisíocaíochtaí bliantúla úis níos lú ar an tír.

**3. Tréimhse níos faide aisíocaíochta** a idirbheartú
Laghdódh sé seo na haisíocaíochtaí bliantúla úis agus d'fhéadfadh go mbeadh an Fiachas Náisiúnta níos sofhulaingthe dá bharr.

**4. A chinntiú go mbeidh an fiachas 'féinleachtaitheach'**
Ní mór don rialtas a chinntiú go n-úsáidfear na cistí chun ioncam a ghiniúint, a chabhróidh leis an bhfiachas a aisíoc, in ionad an fiachas a bheith ina fhiachas 'marbhualaigh'.

**5. Fás Geilleagrach a spreagadh**
D'fhéadfadh an rialtas éileamh chomhiomlán a spreagadh, rud a bheadh ina chúis le breis ioncaim do dhaoine agus breis chánach/ioncaim don rialtas dá bharr sin. Leis an méadú ar ioncam reatha an rialtais d'fhéadfaí an Fiachas Náisiúnta a aisíoc níos éasca/nó é a aisíoc le gálaí níos mó, rud a dhéanfadh an fiachas níos sofhulaingthe.

**2 phointe ar 6 mharc (3+3) an ceann**

**(c)** Tá dúshláin roimh Éirinn, agus roimh a lán tíortha forbartha, ag éirí as daonra a bheith ag dul in aois.

Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ar an daonra a bheith ag dul in aois. (15)

**1. Brú ar sholáthar pinsin stáit**
Trí dhreasachtaí cánach, ní mór don rialtas daoine a spreagadh chun leas a bhaint as pinsin phríobháideacha chun laghdú ar an mbrú atá ar an rialtas pinsin stáit a chur ar fáil.

**2. Méadú féideartha ar an ualach cánach**
Toisc go bhfuil níos mó daoine os cionn 65 bliain d'aois, d'fhéadfadh go mbeadh méadú ar an gcóimheas cleithiúnais. D'fhágfadh sé sin go mbeadh gá le cánacha níos airde a ghearradh ar an lucht saothair chun seirbhísí a mhaoiniú do dhaoine aosta.

**3. Méadú ar chaiteachas an rialtais**
D'fhéadfadh go gcaithfeadh an rialtas sciar níos mó dá ioncam ar sheirbhísí a sholáthar do dhaoine aosta, ar nós cúram leighis, iompar saor in aisce, tithe altranais.

**4. Athrú ar phatrún an éilimh**
Méadóidh an t-éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí sin a theastaíonn ó dhaoine aosta e.g. tithe altranais, cógais, etc.

**5. Titim sa ráta rannpháirtíochta**
D'fhéadfadh go ndéanfaí difear don soláthar saothair de réir mar a bhaineann níos mó daoine an aois scoir amach. D'fhéadfadh gur mhian le roinnt daoine a bheith ag obair go páirtaimseartha. D'fhéadfadh go rachadh roinnt daoine ar scor.

**6. Laghdú ar shoghluaisteacht an lucht saothair**
De réir mar a théann daoine in aois, laghdaíonn an dóchúlacht go mbogfaidh siad go háit eile chun obair a lorg.

**3 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann**

Leathanach Bán